Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8824/21**

**TRANS 297**
**AVIATION 124**
**MAR 84**
**ENV 312**
**CLIMA 111**
**MI 352**
**RECH 218**
**IND 129**
**ENER 181**
**COMPET 360**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8652/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ón gCoimisiún<br>- Formheas |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 11 Nollaig 2020, thíolaic an Coimisiún an Teachtaireacht dar teideal *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – an t-iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí]. Is é is aidhm léi an tAontas Eorpach a chur ar an mbóthar ceart chun córas soghluaisteachta inbhuanaithe, cliste, athléimneach na todhchaí a chruthú agus na hathruithe bunúsacha is gá a dhéanamh chun cuspóirí an Chomhaontaithe Glas don Eoraip a bhaint amach.
2. I bhfianaise chuspóirí tábhachtacha na Straitéise, d'eagraigh an Uachtaránacht roinnt pléití ag físchomhdhálacha neamhfhoirmiúla de chuid na Meithle um Iompar Idirmhódúil darb aidhm léargas a thabhairt ar na réimsí éagsúla a chumhdaítear leis an Straitéis, agus chinn sí conclúidí ón gComhairle a fhorbairt maidir leis an ábhar sin.

## II. AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

3. Dá bhrí sin, cuireadh an chéad dréacht de na conclúidí i láthair ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil chomhaltaí na Meithle um Iompar - Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an 20 Aibreán[1], agus rinneadh tuilleadh plé an 28 Aibreán agus an 5 Bealtaine 2021. Ina theannta sin, iarradh ar na Ballstáit barúlacha i scríbhinn a chur isteach.

4. Rinneadh an plé deireanach an 12 Bealtaine, ar lena linn a scrúdaigh comhaltaí na Meithle téacs comhréitigh athbhreithnithe ón Uachtaránacht. Ag an gcruinniú sin, thacaigh formhór mór na dtoscaireachtaí leis an gcuid is mó den téacs comhréitigh, cé gur chuir roinnt toscaireachtaí tuairimí éagsúla in iúl nó gur chuir siad moltaí ar aghaidh ó thaobh dréachtú de faoi roinnt saincheisteanna a cuimsíodh sna conclúidí, go háirithe maidir le míreanna 5 agus 10.

5. I ndiaidh na mbarúlacha agus na n-ábhar imní a cuireadh in iúl ag an bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil dheireanach a bhí ag comhaltaí na Meithle, d'ullmhaigh an Uachtaránacht leagan athbhreithnithe de na conclúidí darb aidhm aghaidh a thabhairt ar mholtaí nó ábhair imní na dtoscaireachtaí a cuireadh in iúl ag an gcruinniú a bhí acu an 12 Bealtaine.

6. Ina dhiaidh sin, cuireadh an dréacht faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe, agus dhaingnigh an Coiste, ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Bealtaine, gur thángthas ar chomhaontú faoi na dréachtchonclúidí ón gComhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo agus chinn sé iad a chur faoi bhráid na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 3 Meitheamh 2021 lena bhformheas.

## III. CONCLÚID

7. Iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, na conclúidí maidir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ón gCoimisiún a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo a fhormheas.

[1] 7891/21 agus na hathbhreithnithe a rinneadh air.

**IARSCRÍBHINN**

*Dréacht*

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an**

**An Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ón gCoimisiún**

AG FÉACHAINT DON MHÉID A LEANAS:

– conclúidí ón gComhairle Eorpach mhí na Nollag 2019[2] agus mhí na Nollag 2020[3], a mhéid a bhaineann leis an athrú aeráide;

– conclúidí ón gComhairle Eorpach Dheireadh Fómhair 2019[4] agus ráiteas Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí Mhárta 2021 a mhéid a bhaineann le cúrsaí digiteacha[5];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le breithnithe beartais do phlean teagmhasachta le haghaidh paindéimí agus mór-ghéarchéimeanna eile d'earnáil iompair lasta na hEorpa[6];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le comhlíonadh na mbeart rialaithe ionfhabhtaithe agus sláinteachais chun iompar comhchoiteann trasteorann do phaisinéirí a áirithiú[7];

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn i ndáil leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur chun feidhme agus i ndáil leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) don iompar[8];

[2] EUCO 20/19
[3] EUCO 22/20
[4] EUCO 13/20
[5] SN 18/21
[6] 12391/20
[7] 9699/20
[8] 15425/17

– na conclúidí ón gComhairle maidir le 'tosaíochtaí le haghaidh bheartas iompair muirí an Aontais go dtí 2020: Iomaíochas, Dícharbónú agus Digitiú chun nascacht dhomhanda, margadh inmheánach éifeachtúil agus braisle mhuirí den chéad scoth a áirithiú'[9];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le hiompar a dhigitiú;[10]

– na conclúidí ón gComhairle dar teideal 'Earnáil Uisce-Iompair an Aontais Eorpaigh – An t-ionchas don todhchaí: I dtreo Earnáil Uisce-Iompair an Aontais atá neodrach ó thaobh carbóin de, saor ó thionóiscí, uathoibrithe agus iomaíoch[11]';

– na conclúidí ón gComhairle dar teideal 'Ionsar mhargadh hidrigine don Eoraip'[12];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí na gcóras fuinnimh san Aontas Fuinnimh d'fhonn an t-aistriú fuinnimh a áirithiú agus d'fhonn cuspóirí fuinnimh agus aeráide as seo go 2030 agus dá éis a bhaint amach;[13]

– na Conclúidí ón gComhairle maidir le bheith ag féachaint le téarnamh ciorclach glas;[14]

– na Conclúidí ón gComhairle maidir leis 'An Iarnród a chur ar Thús Cadhnaíochta sa tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste'[15].

---

[9] 9976/17
[10] 15431/17
[11] 8648/20
[12] 13976/20
[13] 10592/19
[14] 13852/20
[15] 8790/21

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cur i láthair ón gCoimisiún ar an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[16], lena n-áirítear fís mheántréimhseach go fadtréimhseach le haghaidh córas iompair agus soghluaisteachta a bheidh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus don aeráid agus a bheidh níos digitithe, níos athléimní, níos athléimní, níos cothroime agus níos iomaíche.

2. TACAÍONN SÍ le fís an Choimisiúin an córas iompair Eorpach a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos cuimsithí, níos cliste, níos sábháilte agus níos athléimní, agus a áirithiú go rannchuideoidh an earnáil iompair go mór leis an gcuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050 i gcomhréir le Comhaontú Pháras, mar aon leis an sprioc cheangailteach maidir le glanlaghdú intíre de 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach san Aontas faoi 2030 i gcomparáid le 1990.

3. I ndáil leis an méid sin, MEASANN SÍ gur cheart go gcuideodh na móid iompair uile, i gcomhthráth le haistriú chuig móid níos inbhuanaithe, le laghdú suntasach a dhéanamh ar astaíochtaí na hearnála iompair faoi 2030 agus faoi 2050 ar bhealach a chaomhnóidh a n-iomaíochas agus a chuirfidh san áireamh a n-acmhainneacht laghdaithe astaíochtaí. Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, i gcomhréir le ceanglais na Rialála Níos Fearr, ar cé mar a áiritheofar le gach beart dá bhforáiltear sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste gur fearr is féidir le móid iompair cur le gnóthú na spriocanna thuasluaite do 2030 agus 2050, lena n-áirítear trí mhionscrúdú a dhéanamh ar an tionchar comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta ar leibhéal an Bhallstáit.

4. Ina theannta sin, CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart iarrachtaí a dhéanamh go comhpháirteach chun na spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí a bhaint amach ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir, agus gach Ballstát a bheith rannpháirteach sna hiarrachtaí sin, agus aird á tabhairt ar an gcothroime agus ar an dlúthpháirtíocht, agus ar phointí tosaigh éagsúla na mBallstát agus ar a n-imthosca sonracha náisiúnta, lena n-áirítear imthosca na mBallstát oileánach agus na n-oileán, gan aon duine a fhágáil ar lár ag an am céanna.

---

**16** *Communication from the Commission, Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [Teachtaireacht ón gCoimisiún, an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – an t-iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí](14012/20 + ADD 1)

5. D'fhonn an méid a thomhlaítear de bhreoslaí iontaise agus an méid a bhraitear orthu a laghdú go suntasach, TÁ SÍ DEN TUAIRIM go n-éilíonn aistriú cothrom uaillmhianach i dtreo feithiclí, soithí, córais aerárthaí agus flíteanna astaíochtaí nialasacha, lena gcuirtear chun cinn feasacht i measc na bpáirtithe go léir lena mbaineann agus intuarthacht dóibh ó sholáthróirí go tomhaltóirí, go n-éilíonn sin go nuashonrófaí creat reachtach an Aontais, i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh inmheánaigh fheidhmiúil, chun cur ar an margadh agus glacadh na gcóras tiomána malartach (amhail iad siúd arna gcumhachtú le leictreachas nó le hidrigin) a éascú, arna gcomhlánú le himscaradh forleathan an bhonneagair tacaíochta, lena n-áirítear pointí athluchtúcháin agus athúsáide le haghaidh breoslaí malartacha. MEASANN SÍ sa chomhthéacs sin go bhféadfadh réitigh éifeachtacha a chur ar fáil don aistriú trí bhíthin réitigh astaíochtaí ísle agus breoslaí iompair ísealcharbóin nó inathnuaite, agus gur cheart, i gcás gach aon mhód iompair, dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh gan an modh is mó truailliú a chur ar an margadh.

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart na prionsabail 'íoc mar a thruaillítear' agus 'íoc mar a úsáidtear' a léiriú i mbearta beartais iompair le haghaidh agus ar fud gach aon mhód iompair. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart dreasachtaí a chur ar fáil chun an glacadh le hiompar níos inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear chun feithiclí, soithí, córais aerárthaí agus flíteanna a athnuachan agus a iarfheistiú.

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur príomhspreagthóirí iad an digitiú agus cur chun cinn na nuálaíochta i dteicneolaíochtaí glasa maidir le hiomaíochas domhanda fadtéarmach chóras iompair an Aontais, toisc gur féidir leo feabhas a chur ar an inbhuaine, lena n-áirítear tríd an truailliú a laghdú, éifeachtúlacht, sábháilteacht, slándáil agus compord a thabhairt leo, agus éiceachóras iompair comhtháite ilmhódúil a chur chun cinn, agus sa chomhthéacs sin IARRANN SÍ go nglacfaí, nuair a bheadh beartais iompair agus soghluaisteachta á bhforbairt, leis an gcur chuige a sainaithníodh i nDearbhú Passau ón 29 Deireadh Fómhair 2020, 'Margadh cliste don tsoghluaisteacht – an tsoghluaisteacht a bheidh ann amach anseo a mhúnlú tríd an digitiú – inbhuanaithe, sábháilte, slán agus éifeachtúil'. MEABHRAÍTEAR DI go n-éilíonn an ilmhódúlacht faisnéis, ticéadú agus íocaíocht taistil a bhíonn ilmhódúil agus idir-inoibritheach.

8. MEABHRAÍTEAR DI A THÁBHACHTAÍ atá gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta chun inbhuanaitheacht, digiteáil agus athléimneacht an chórais iompair agus soghluaisteachta a atreisiú agus IS DÍOL SÁSAIMH DI go háirithe an rannchuidiú ba cheart do chomhpháirtíochtaí arna mbunú faoin gclár Fís Eorpach a thabhairt ina leith sin, agus á chur i dtábhacht di san am céanna, chomh maith le teicneolaíochtaí nuálacha aeráidneodracha a fhorbairt agus a imscaradh, go n-éileofar ar úsáideoirí an chórais iompair agus soghluaisteachta athruithe iompraíochta a dhéanamh chuige sin freisin.

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart do na hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta sa tsoghluaisteacht chomhoibríoch nasctha agus uathoibrithe gach mód iompair a chumhdach ar bhealach a chuirfidh feabhas ar shábháilteacht agus éifeachtúlacht iompair, a laghdóidh an plódú agus a rannchuideoidh le cuspóirí aeráide agus comhshaoil, agus a chothóidh, san am céanna, idir-inoibritheacht agus cosaint sonraí ag céim an imscartha, agus a dhéanfaidh foráil do chásanna ina mbainfear úsáid chuimsitheach, inrochtana agus inacmhainne astu. MEABHRAÍTEAR DI gur gá an bonneagar a ullmhú chun tacú leis an uathoibriú.

10. IARRANN SÍ go nglacfaí tionscnamh go gasta maidir le spás Eorpach do shonraí soghluaisteachta, lenar cheart rochtain chothrom, iontaofa agus shlán ar shonraí agus idir-inoibritheacht sonraí a áirithiú le haghaidh éifeachtúlacht iompair níos fearr, lena n-áirítear iompar ilmhódúil gan uaim do phaisinéirí agus lasta, agus a mbeidh idir-inoibritheacht sonraí le spásanna sonraí gaolmhara eile mar aidhm ann freisin. TUGANN SÍ FAOI DEARA gur cheart d'fhorbairt na gcóras cliste iompair leanúint de bheith bunaithe ar shraith leathan teicneolaíochtaí cumarsáide leictreonaí, amhail teicneolaíochtaí soghluaiste agus Wi-Fi, agus ar sheirbhísí agus ar bhonneagar atá criticiúil ó thaobh straitéise de, amhail Galileo agus EGNOS.

11. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur bunchloch de bheartas iompair an Aontais i gcónaí é an Limistéar Eorpach Aonair Iompair a thabhairt chun críche agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur réamhchoinníoll chun an sprioc sin a fhíorú agus chun iompar agus soghluaisteacht a bheidh inbhuanaithe agus cliste a bhaint amach é bonneagar iompair ilmhódaigh athléimneach, cothrom le dáta, agus ardfheidhmíochta chun cuidiú le Ballstáit agus réigiúin uile an Aontais a nascadh agus a chomhtháthú, réigiúin atá iargúlta, oileánach, forimeallach, cúlánta, sléibhtiúil agus réigiúin inar tearc an daonra san áireamh, d'fhonn feabhas a chur ar shaorghluaiseacht daoine, earraí agus seirbhísí. Sa chomhthéacs sin, MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé an croíghréasán cuimsitheach Tras-Eorpach iompair a thabhairt chun críche laistigh den chreat ama a socraíodh, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar naisc easnamhacha agus ar scrogaill, agus is díol sásaimh di an comhtháthú breise atá á dhéanamh ar nóid uirbeacha.

12. TÁ SÍ AG SÚIL LEIS an gcur i láthair ón gCoimisiún faoin tionscnamh soghluaisteachta uirbí atá ar na bacáin agus CUIREANN SÍ I dTREIS, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé an tsoghluaisteacht ghníomhach a chur chun cinn, amhail rothaíocht agus siúl, iompar poiblí agus seirbhísí nua soghluaisteachta a úsáid, bainistiú éifeachtach soghluaisteachta, ilmhódúlacht agus modhanna inbhuanaithe iompair i ngach mód iompair (bóthar, iarnród, uisce agus aer), mar a iarrtar i nDearbhú Graz an 30 Deireadh Fómhair 2018 dar teideal *Starting a new era: clean, safe and affordable mobility for Europe* [Tús le ré nua: soghluaisteacht ghlan, shábháilte, inacmhainne don Eoraip]. MEABHRAÍTEAR DI, sa chomhthéacs sin, go ndearnadh difear mór don iompar poiblí i ngeall ar ghéarchéim COVID-19 agus gur cheart, sa fhreagairt bheartais ar an ngéarchéim, díriú ar mhuinín san iompar poiblí a athbhunú agus ar athléimneacht an iompair sin a fheabhsú, dlús a chur le claochlú agus le nuachóiriú inbhuanaithe an chórais iompair, agus san am céanna, inacmhainne iompair a áirithiú, agus ról ríthábhachtach an iompair phoiblí ó thaobh comhtháthú sóisialta agus críochach á chur san áireamh.

13. CUIREANN SÍ I dTREIS, agus an córas iompair agus soghluaisteachta ag éirí níos inbhuanaithe, níos digiteáilte agus níos uathoibrithe, gur cheart dó a bheith úsáideoirlárnach agus duinelárnach i gcónaí. Ba cheart beartas iompair an Aontais a bheith cuimsitheach, agus ba cheart dó infhaighteacht agus inrochtaineacht do gach duine a chur chun cinn, lena n-áirítear do ghrúpaí leochaileacha amhail daoine scothaosta, daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine atá faoi mhíchumas, agus do leanaí chomh maith. Ba cheart inacmhainneacht a áirithiú chun an bhochtaineacht iompair a chomhrac, agus ba cheart dlús a chur le sábháilteacht iompair, lena n-áirítear sa tsoghluaisteacht ghníomhach. Ba cheart freisin, le beartas iompair an Aontais, leanúint d'fheabhas a chur ar choinníollacha sóisialta i gcás gach aon mhód iompair, lena n-áirítear dálaí oibre, deiseanna athscilithe a fheabhsú agus cur le tarraingteacht post san earnáil. TUIGEANN SÍ gur cheart, le beartas iompair an Aontais, díriú ar dheireadh a chur le neamhionannais agus ar an gcomhionannas inscne a chur chun cinn, agus ar chearta agus ar chomhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn freisin. Meastar go gcuirfear príomhshruthú na gcuspóirí sin san áireamh agus go ndéanfar iad a chur cinn agus bearta an bheartais iompair á n-ullmhú, á gcur chun feidhme agus á bhfaireachán. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá rannpháirtíocht éifeachtach phoiblí agus idirphlé sóisialta chun gur féidir léiriú leormhaith a thabhairt ar na riachtanais atá ag daoine agus ag geallsealbhóirí - ar riachtanais iad a bhíonn ag athrú - sna beartais iompair agus soghluaisteachta.

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá a áirithiú go n-éireoidh le hiompar agus lóistíocht teacht slán go hiomlán ón ngéarchéim COVID-19. CUIREANN SÍ I dTREIS go dtugtar, leis an bhfreagairt eacnamaíoch ar an ngéarchéim, deis dlús a chur leis an gclaochlú agus leis an athchóiriú inbhuanaithe ar an gcóras iompair agus soghluaisteachta, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún léargas a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta maidir le plean teagmhasachta a ullmhú le haghaidh iompair go pras chun gur féidir aghaidh a thabhairt ar phaindéimí agus ar mhór-ghéarchéimeanna eile ar bhealach níos fearr, mar a d'iarr an Chomhairle sna conclúidí uaithi maidir le breithnithe beartais do phlean teagmhasachta le haghaidh paindéimí agus mór-ghéarchéimeanna eile d'earnáil iompair lasta na hEorpa.

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé cuimhneamh freisin ar ghné idirnáisiúnta an bheartais iompair d'fhonn feabhas a chur ar iomaíochas earnáil iompair an Aontais, chomh maith le hinbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht na hearnála mar thoradh ar fhorbairtí domhanda agus ról gníomhach a ghlacadh i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe chun caighdeáin dhomhanda a bhunú agus cothrom na Féinne a chothabháil.

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an meastachán ón gCoimisiún atá sa Straitéis uaidh um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, gurb ann do bhearna fhoriomlán maoinithe de thuairim is EUR 230 billiún in aghaidh na bliana go dtí 2030 i ndáil leis na bearta a mbeidh gá leo le go bhfíorófar an fhís maidir le córas iompair agus soghluaisteachta a bheidh níos athléimní, níos inbhuanaithe agus níos cliste, lena n-áirítear na hiarrachtaí maidir le haistriú. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil leibhéal iomchuí maoinithe ón Aontas, chomh maith le leibhéal iomchuí cistiúcháin phoiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus acmhainní príobháideacha, ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shuntasacha infheistíochta a eascraíonn as uaillmhian mhéadaithe chliste agus inbhuanaithe i ngach aon mhód iompair. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-athbhreithniú leanúnach atá á dhéanamh ag Grúpa BEI ar a bheartas maoinithe maidir le hiompar i gcreat níos leithne Threochlár an Bhainc Aeráide 2021-2025 agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá an beartas maoinithe sin a ailíniú le cuspóirí beartais iompair an Aontais de réir mar a leagtar amach sna conclúidí seo ón gComhairle.

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún faireachán rialta a dhéanamh chun féachaint an leor na gníomhaíochtaí beartais a bheartaítear sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste chun cuspóirí beartais iompair an Aontais a bhaint amach, nó an mbeidh sé riachtanach bearta breise a dhéanamh.